# FOIRM GHEARÁIN

Leagtar amach sa Chód Iompair do Chomhairleoirí *(https://www.gov.ie/en/publication/48675-code-of-conduct-for-councillors/)* prionsabail agus caighdeáin i ndáil le hiompar, meas, dínit, comhionannas agus ionracas do Chomhairleoirí, i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna agus ina gcaidreamh lena chéile, le fostaithe na Comhairle agus leis an bpobal. Tá sé i gceist leis an gcód an pobal a chur ar an eolas faoin iompar a bhfuil sé i dteideal a bheith ag súil leis óna ionadaithe tofa agus muinín an phobail as an rialtas áitiúil a chaomhnú. Scríobhadh prótacal ag féachaint don Chód Iompair agus tá sé beartaithe déileáil le gearáin maidir le sárú an chóid seo.

Bain úsáid as dúch dubh, más féidir, agus comhlánaigh cuid 1 agus cuid 2 i mbloclitreacha, le do thoil.

## Cuid 1: Mionsonraí an Ghearánaigh

Sloinne: ______

An tUas./Uas./Iníon/an Dr/Eile *(sonraigh, le do thoil):* ______

Céadainm (neacha) ______

Seoladh: ______

Éirchód: ______ Ríomhphost: ______

Uimhir theileafóin baile: ______ Uimhir theileafóin póca: ______

Cuir tic leis an mbosca a thuairiscíonn ar an mbealach is cruinne an cháil ina bhfuil do ghearán á dhéanamh agat:

☐ Tá gearán á dhéanamh agam mar dhuine den phobal

☐ Tá gearán á dhéanamh agam mar chomhairleoir nó mar iarchomhairleoir

☐ Tá mé ag gearán mar fhostaí de chuid na comhairle

☐ Tá gearán á dhéanamh agam thar ceann comhlacht poiblí
- sonraigh an comhlacht agus do phost laistigh de, le do thoil: ______

☐ Tá gearán á dhéanamh agam thar ceann eagraíocht tríú hearnáil
- sonraigh an eagraíocht agus do phost laistigh di, le do thoil: ______

☐ Tá gearán á dhéanamh agam i gcáil eile
- tabhair mionsonraí, le do thoil ______

## Cuid 2: Cé faoi a bhfuil gearán á dhéanamh agat?

Ainm an chomhairleora a mhainnigh an Cód Iompair do Chomhairleoirí a chomhlíonadh, nó ar féidir gur mhainnigh sé nó sí an Cód sin a chomhlíonadh:

Ainm Údarás Áitiúil an Chomhairleora:

**Comhairle Contae Chill Chainnigh**

## Cuid 3: Cad faoi a bhfuil gearán á dhéanamh agat?

Tabhair mionsonraí iomlána, le do thoil, faoi cén fáth a measann tú gur mhainnigh, nó gur féidir gur mhainnigh, an comhairleoir atá ainmnithe i gcuid 2 den fhoirm seo an Cód Iompair do Chomhairleoirí a chomhlíonadh.

Tabhair a oiread mionsonraí agus is féidir, le do thoil, faoi iompar an chomhairleora, agus tuairisc á tabhairt ar an rud a rinne an comhairleoir; ar cén uair a tharla sé sin (lena n-áirítear an dáta iarbhír/na dátaí iarbhír, más féidir); agus ar cén áit ar tharla sé. (Mura bhfuil go leor spáis anseo, lean ar aghaidh ar leathán ar leith agus ceangail é leis an bhfoirm seo.)

Más mó ná sé mhí ó shin a tharla an t-iompar faoina bhfuil gearán á dhéanamh agat, mínigh, le do thoil, cén fáth nach ndearna tú gearán leis an gCláraitheoir Eitice roimhe seo.

## Cuid 4: Cén fhianaise atá agat chun tacú le do ghearán?

Tabhair mionsonraí iomlána, le do thoil, faoin bhfianaise atá agat, nó a bhfuil tú ar an eolas fúithi, a thacaíonn le do líomhain gur mhainnigh, nó gur féidir gur mhainnigh, an comhairleoir an Cód Iompair do Chomhairleoirí a chomhlíonadh. (Mura bhfuil go leor spáis anseo, lean ar aghaidh ar leathán ar leith agus ceangail é leis an bhfoirm seo.)

Más féidir, tabhair cóip, le do thoil, den fhianaise ar thagair tú di thuas. De rogha air sin, tabhair mionsonraí iomlána, le do thoil, faoi cén áit ar féidir an fhianaise a fháil.

## Cuid 5: An ann d'aon fhinnéithe ar an iompar faoina bhfuil gearán á dhéanamh agat?

Más ann d'aon fhinnéithe ar féidir leo a dheimhniú cad atá ráite agat faoi iompar an chomhairleora, tabhair a n-ainm iomlán, a seoltaí agus a n-uimhreacha teileafóin. Mínigh freisin, le do thoil, conas atá aithne agat ar an bhfinné/na finnéithe.

## Cuid 6: Dearbhú

Is mian liom gearán a dhéanamh leis an gCláraitheoir Eitice gur mhainnigh, nó gur féidir gur mhainnigh, an comhairleoir atá ainmnithe i gcuid 2 den fhoirm seo an Cód Iompair do Chomhairleoirí faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001, a chomhlíonadh.

Tuigim, má dhéantar imscrúdú ar mo ghearán, go gcuirfear m'ainm agus sonraí mo ghearáin ar aghaidh chuig an gComhairleoir, mar chuid den imscrúdú sin.

Chuir mé in iúl d'aon fhinnéithe atá ainmnithe agam i gcuid 5 den fhoirm seo go bhfuilim ag cur a mionsonraí ar aghaidh chuig an gCláraitheoir Eitice i ndáil le mo ghearán agus gurb amhlaidh, i gcás go n-imscrúdófar mo ghearán, is féidir go mbeidh ceangal orthusan (na finnéithe) fianaise a thabhairt.

**Síniú:**

**Dáta:**

# An tAcht Rialtas Áitiúil, 2001
# Creat Eitice don tSeirbhís Rialtais Áitiúil

Déan cinnte de, le do thoil, go bhfuil gach cuid den fhoirm seo comhlánaithe agat agus seol í trí chasadh an phoist ansin chuig an seoladh seo:

**Cláraitheoir Eitice,**
**Comhairle Contae Chill Chainnigh,**
**Oifigí an Chontae,**
**Sraid Eoin,**
**Cill Chainnigh,**
**R95 A39T**